Martha


# Nuacht Feirste

Sinn Féin

Uimhir 14 Aibreán 26ú Táille 10p




# Gaeilge agus an Comhairle Ealaíon

*LE CIAN MAC AIODH*

**TÁ FEISIRE Iarthar Bhéal Feirste, Gearóid Mac Adhaimh, dóchasach go ndéanfaidh An Chomhairle Ealaíon staidéar ar mholtaí a cuireadh faoina mbráid Dé Máirt 22 Aibreán ag cruinniú le grúpaí Gaeilge agus le Sinn Féin i gceanncheathrún na Chomhairle ar Bhóthar an tSrutháin Mhilis.**

Ba é seo an chéad chruinniú i sraith de chruinnithe atá eagraithe ag Sinn Féin le fáill a thabhairt do Ghaelgeoirí a gcás a chur roimh na hudaráis ealaíona is chraolacháin.

D'iarr na grúpaí Gaeilge ó Iarthar Bhéal Feirste agus Gearóid Mac Adhaimh ar an Chomhairle Ealaíon sna sé chontae £60,000 nó 2% dá bhúiséad a chaitheamh ar scéimeanna Gaeilge nuair a bhuail siad le príomh-stiúrthóir na comhairle, Kenneth Jamison.

Chuir na grúpaí i leith an Chomhairle nach raibh airgead ar bith á chaitheamh acu ar an Ghaeilge nuair a bhí corradh le miliún punt á chaitheamh ag an Chomhairle Ealaíon sa Bhreatain Bheag ar an Bhreathnais.

Arsa Gearóid Mac Adhaimh: *"Seo an chéad uair ariamh a bhuail Gaelgeoirí agus an Chomhairle Ealaíon le chéile agus tá súil agam gurbé an toradh a bhéas air ná go dtosóidh an Chomhairle ag díol deontais le drámaíocht Ghaeilge, leis na feiseanna Gaeilge agus le tionscnaimh eile Ghaeilge."*

Chuir an toscaireacht doiciméad thrí leathanach fá na healaíona Gaeilge roimh an Chomhairle. Tá cóipeanna le fáil ó Roinn an Chultúir, Sinn Féin.

## Eagarfhocal

# Ag seasamh le saoirse

AGUS an díospóireacht ag toiseacht i ndáiríre anois fan chomhaontú a síníodh i Hillsborough is gá a rá arís gurb é tuairim Shinn Féin gurb é aidhm an Chomhaontais chéanna ná Gluaiseacht na Poblachta agus gach gné de fhriotaíocht náisiúnta a scrios.

Ar thaobh amháin beidh géilleadh éigean do lucht na Gaeilge – leasaithe nach fiú a dhath iad, mar shampla, an ceart le sráidainm Gaeilge a chur in airde – ach ar an taobh eile beidh cos-ar-bolg á imirt ar náisiúntóirí nach n-aontaíonn leis an stát. Is léir nach creatlach do chóras a bhéarfas cothrom na féinne do Ghaelgeoirí atá i gComhaontú Hillsborough. Ní bheidh, le fiú sampla amháin a luadh, foirmneacha dátheangacha ar fáil ó na heagraisí stáit.

Ní féidir an cogadh in aghaidh an impíriúlachais chultúir a scarúint ón choimlint chóilíneach. Má ghní Gaeil neamhaird sa leatrom ar an phobal náisiúnach i ndúil is go bhfuighfidh siad grabhróga ó thábla na mBreatanach tá siad ag cur le greim mímhorálta agus mídhleathach na coróna ar chuid dár dtír;

Ar mhaithe le *"goodies"* Pheadar de Barra beidh siad ag seasamh le 'saoirse' Thatcher le réimeas Reagan agus ag cur cos i bpoll leis an troid ar son an fhéin-rialaithe. Fad is tá na 'Gaeil mheasúla' ag troid ar son an leathbhuilbhín beidh Sinn Féin agus grúpaí eile ag troid arson na bhácúis.

Mura gceanglaíonn lucht na Gaeilge a dtroidse leis an troid ar son an chirt atá á cur ag an mhuintir atá brúite faoi chois sa tír seo agus tríd an domhan ní bheidh an mhuintir sin sásta an teanga a ghlacadh chucu féin-rud atá déanta acu a bheag nó a mhór sna sé chontae ó 1981 i leith. Mura bhfuil baint idir an teanga agus an mian ar son saoirse ó dhiansmacht ní bheidh sa Ghaeilge arís ach teanga an élite, teanga na measúlachta.

Sa Bhreatain Bheag creideann an t-eagras Breathnaise is láidre sa tír Cymdeithas – nach féidir an tsreachailt ar son an tsóisialachais agus an tsreachailt ar son na teanga a scarúint óna chéile. Tá ráite go minic ag Sinn Féin go bhfuil gá le grúpa de dhíograiseoirí Gaeilge a chuirfeadh brú ar na húdaráis ar son na Gaeilge. Chaithfeadh an grúpa seo a bheith neamhspleách ó gach páirtí polaitiúil. Mar sin féin bhead sé d'fhiacha ar an ghrúpa seo a thuiscint go bhfuil baint idir an cosc ar an Ghaeilge agus an cosc ar an fhéin-rialú. Agus sin ráite sí an cheist mhór anois ná cé thógfas an grúpa nua gníomhaíochta seo?

# Fear Manach chun tosaigh



**BHÍ BRONNADH an fháinne ag dinnéar damhsa i bhFear Manach ar na mallaibh agus ba é cathaoirleach na comhairle contae, Pól Ó Cuirreagáin a bhí i mbun an bhronnta.**


Is é Seán Ó Cearráin atá i mbun na ranganna atá á reachtáil faoi scáth Chumann Gaelach Fhear Mánach.

Bhí Tomás Mag Uidhir, iarbhraighdeanach agus comhairleoir de chuid Shinn Féin i láthair fosta mar cathaoirleach ar an fho-choiste cultúir sa chomhairle..

Chomh maith le bronnadh an fháinne bhí amhránaíocht, filíocht agus rinncí Gaelacha:- comhartha go bhfuil an teanga ag dul chun cinn i gcontae Fhear Manach.


CUM
MEI
Bóthar
O
CH
GAC
Fáilte


# Leabhair seo…



**AG OCÁID an taitneamhach san Ulster Arms Dé hAoine seo chaithe, 18ú Aibreán nuair a sheolú céad úrscéal Conleth Ellis** ***Aoibhinn an Galar.***

Bhí thart fá tríocha daoine ann, idir Gall agus Gael agus bhí an BBC agus Raidió na Gaeltachta i láthair chomh maith, rud a chuir leis an ocáid.

Ina measc súid a bhí i lathair bhí an túda… Snodaigh, agu… a dhéan an … Brown. Bhí o…

Níos déar… d'fhreastal th… léacht a thug … ar shaol agus … Cadhain i gCu…

B'é an ocái… athchló an le… *Politics* ag M… Bhí oíche che…

# 'Saoirse' nua

*CIAN MAC AOIDH*

**SAN SEÚ EAGRÁN de *Shaoirse* tá alt tuairimíochta ag an iriseoir atihnidiúil Nollaig Ó Gadhra ina gcáineann sé cosc RTÉ ar urlabhraíthe Shinn Féin. Deir an tuairisceoir cáiliúil ina alt gur léir easpa cláir fá Éirí Amach 1916 ar RTÉ i mbliana go bhfuil athrú mór taghta ar an staisiún teilifíse le blianta beaga anuas.**

Is í *Saoirse* iris Ghaeilge Shinn Féin agus an t-aon iris pholaitiúil sa teanga. Tá an príomh-alt ag plé leis an Chomhaontú idir Londain agus Baile Atha Cliath agus iarracht Rialtas FitzGerald le Eibhlín Glenholmes a ghabháil.

I measc na n-altanna eile ar chúrsaí reatha tá agallamh le Domhnall O Lúbhlaí, alt ar an lomchuardach i bpríosún Mhacharie Uí Bheirí agus cur síos ar chomhdháil dena 'náisiúin gan stáit' i mBarcelona. In alt ar leith pléann Deasún Breatnach an feachtas atá sa tsiúl le Eamhain Macha a choinneáilt slán ona 'forbairteoirí'.

Sna leathanaigh litríochta tá aiste ar an fhilíocht a shíolraigh ó Eirí Amach 1916. Lena chois tá dánta fán stailc ocrais i 1981 agus fá ghleic na Sandinistas.

Tá altanna staire san eagrán seo chomh maith, léirmheas ceoil, trí leathanach nuachta, alt ar sloinnte Gael agus eagarfhocal.

Tá alt ag Eoghan Mac Cormaic, cime polaitiúil sna Blocanna-H, ar an Ghaeilge sa tsraith 'As an nGéibheann'.

70p an luach atá ar *Saoirse*.

£4.00 an luach atá ar shíntiús bliana do *Saoirse* agus tá sé ar fáil ó: An tEagarthóir, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11.

UMANN NA
EIRLEACH
thar Bhaile Andarsan
OÍCHE
CHEOIL
ACH AOINE
ite romhaibh uilig

olta

údar féin, Pádraig Ó
agus an t-ealaíontóir
an clúdach Rhonda
ní ocáid maith ag cách.
déanaí an oíche sin
thart ar 30 duine ar
ug Pádraig Ó Snodaigh
gus saothar Máirtín Ó
gCumann Chluain Ard.
ocáid anseo ná láinseáil
n leabhrán *Irish above*
g Máirtín Ó Cadhain.
cheoil acu ina dhiaidh.

# An Chatalóin is a teanga

**I MBLIANA ón 30ú Aibreain go 11ú Bealtaine beidh Comhdháil Idirnáisiúnta na Catalóinise á reachtáil ins An Chatalóin. Níl anseo ach an dara comhdháil den chineál seo riamh; bhí ceann eile i 1906.**

Osclóidh Jordi Pujol Uachtarán An Generalitat (parlaimint réigiúnach na Catalóine faoi rialtas na Spáinne) an Chomhdháil agus beidh ollaimh agus teachtóirí, múinteoirí agus mic léinn ón Chatalóin féin agus óna lán tíortha fríd an domhan ina bhfuil An Chatalóinis á teagasc sna hOllscoileanna.

Lucht acadúlachta is mó a bheas páirteach ann, go háirithe mar léachtóirí – rinne an chéad chomhdháil úd i 1906 an bhunobair chun an Chalatlóinis a chaighdeánú don 20ú aois – ach tá cuireadh ar ionadaithe ó pháirtí polaitíochta a bhfuil baint ar leith acu le hathbheoú teanga ina dtír féin nó ar thaispéain bá ar leith le gleic mhuintir na Catalóine.

Sinn Féin an t-aon pháirtí polaitíochta ó Eirinn a bheas páirteach sa Chomhdháil. Beidh ionadaí ó Bhord na Gaeilge ann chomh maith.

S'í an aidhm atá ag Dara Comhdháil na Catalóinise ná: grinnstaidéar a dhéanamh ar staid na Catalóinise inniu, agus moltaí beachta a dhéanamh dona húsáid i ngach gné den saol náisiúnta, agus fá cur chun cinn neartmhar na Catalóinise go leibhéal idirnáisiúnta. Beidh na páirtithe polaitíochta ó thíortha eile ansin, chun aithne a chur ar mhuintir na Catalóine, agus chun eolas a fháil ar a ngleic i leith an neamhspleáchais agus i leith an Catalóinise, agus beidh fáil acu léachtaí a thabhairt faoi staid a dtíortha is a dteangacha féin.

Is teanga nua-Laidineach í a théann a stair mar theanga ar leith scair níos mó ná míle bliain. On 13ú aois tá litríocht thábhachtach sa Chatalóinis.

On am ar claoídh An Chatalóin ag An Spáinn agus An Fhrainc sa 17ú aois, is minic a rinneadh géarleanúint ar na Catalóinigh is a dteanga agus ní raibh sé riamh níos measa ná faoi Franco, ach mhair sí beo fríd achan rud.

## LÉIRSIÚ

I 1977, cúpla bliain i ndiaidh bás Franco bhí léirsiú i mBarcelona i leith na teanga agus an náisiúin. Bhí níos mó na milliúin duine páirteach ann – an léirsiú is mó, deirtear, i stair na hEorpa.

Inniu, níl an stát impiriúlach Spáinneach – agus An Fhrainc níos measa arís – sásta rogha a thabhairt do mhuintir na Catalóine cé acu a ba mhaith leo stát iomlán neamhspleách a bheith acu, nó nár mhaith.



● Cuid de slua a bhailig i mBarcelona ag léirsiú dá theanga agus dá náisiún

Tá brú nach beag á chur ar a dteanga is a gcultúr. Mar sin féin, má tá céim mhór le dul, tá dul chun cinn suntasach déanta. Tá an teanga go laídir sna scoileanna ar thaobh sna Spáinne den teorainn, tá nuachtán mór laethúil acu *AVUI*, tá stáisiún teilifíse acu go hiomlán i gCatalóinis, agus roinnt stáisiún raidió. Tá 15,000 leabhar i gcló sa Chatalóinis san am i láthair agus foilsíodh 3000 teideal i 1985.







ar
' i
sún
m-
air-
an
16.
is i
mh
ach
gar-
me
ilge
ana
gar-
séal

# Ag foghlaim na Gaeilge

**Ceacht a haon déag**

## THÍOS I LÁR NA CATHRACH

**Léigh seo:**

BÍONN Brian agus Nóra saor ón scoil gach deireadh seachtaine. Téann siad le Mamaí ag siopadóireacht go lár an cathrach acha'n tráthnóna Dé Sathairn. Tugann Dáidí isteach sa charr iad. Faigheann siad a lán earraí sna siopaí. Feiceann Mamaí a chairde ansin minic go leor, fosta. Ag dul trasna na sráide, beireann Mamaí greim ar na páistí ar eagla na heagla. Deir siad go bhfuil siad ró-mhór anois do sin ach ní chluineann Mamaí a scíth i gceann de na siopaí agus itheann siad iasc agus sceallóga istigh ann. Seo anois iad:

Mamaí – A pháistí cad é ba mhaith libh inniu?

Brian – Ba mahith liomsa cupán caife agus pláta sceallóga. Ar mhaith leatsa sin a Nóra?

Nóra – Ó, Níor mhaith liom, tá mé dubh dóite de sceallóga. Sílim gur mhaith liom rud eile inniu sea, ba mhaith liom pónairí agus ispíní.

Mamaí – Nach maith leat sceallóga, níos mó?

Brian – Is maith léi rud ar bith ach tá sí ag iarraidh bheith ciotach.

Nóra – A Mhamaí, inis dó nach bhfuil mé ag labhairt leis ó seo amach.

Brian – Is cuma liomsa. Is féidir liom labhair le Mamaí. Nach féidir liom a Mhamaí.

Mamaí – Thig leat, cinnte, a stór. Anois bígí maith, an bheirt agaibh. Is maith liom faoiseamh ag mo dhinnéar.

Nóra – Ceart go leor a Mhamaí. Cuir an t-ordú sin isteach do Bhrian agus an rud céann dom féin, le do thoil.

Mamaí – A Nóra, ní thuigim thú in am ar bith.

**Freagair na ceisteanna:**

An mbíonn na páistí ar scoil ag an deireadh seachtaine?

Cá dtéann siad le Mamaí?

An dtagann Daidí leo ag siopadóireacht?

Cad é a fhaigheann siad gach deireadh seachtaine?

An bhfeiceann Mamaí duine ar bith sa chathair?

Cad chuige nach ligeann Mamaí do na páistí dhul trasna na sráide leo fein?

An ndéanann said a scith sa pháirc?

Cad chuige a mbíonn siad turiseach?

An maith le Nóra iasc agus sceallóga?

An maith leatsa bia mar seo?

[redacted]

# Ar thóir a nOidreacht

*LE DEASUN BREATNACH*

**TÁ AITHNE agam ar aondachtóir, atá go láidir in éadan Gluaiseacht na Poblachta. Is eol dó cén cineál polaitíochta a chleachtaím, cé na tuairimí atá agam, cén áit a bhfuil m'anam, mar a déarfá, ach in ainneoin sin tá muid mór le chéile.**

I mBaile Átha Cliath atá an cairdeas sin, rud a d'fhás, is dócha, as ballraíocht cheardchumainn agus as comhoibriú ar choistí agus ar fho-choistí.

Tamall ó shin dúirt mo dhuine go raibh seanchóipeanna den *Shan Van Vocht* aige sa mbaile i gContae Thír Eoghain. An mbeadh spéis agam iontu? Bheadh. Ar ball fuaireas iad. Cén chaoi ar éirigh lena mhuintir teacht orthu? Cén fáth gur coinníodh slán go dtí an lá faoi dheireadh iad? Níor mhiste machnamh a dhéanamh ar sin uile, go mór mór nuair a chuirtear san áireamh go raibh a mhuintir ar an dream a bhunaigh an Ulster Volunteer Force faoi thús an chéid seo.

Fear é seo a d'fhoghlaim ceol, a chleachtaigh an phíob mhór agus ag a bhfuil spéis ina chuid fréamhacha. Is spéis leis an Ghaeilge, an stair áitiúil, an ceol Gaelach. Ach ar chaoi éigin tá sé fágtha ar imeall cúrsaí. Ní hé a chreideamh (Eaglais na hÉireann) atá ina bhac ach a thuairimí polaitiúla agus a dhílseacht don Choróin, rud nár theastaigh uaidh a anailísiú go fóill, cheapfainn, agus tá a lán lán mar é in Ultaibh inniu.

Céard is féidir linn a dhéanamh le cuidiú leo an nasc dámanta úd le Sasana a bhriseadh?

Cheana féin, agus le fada anois, tá fás as cuimse mór ar na cumainn staire agus spéis cíocrach acu sa stair áitiúil. Ar éigin ar féidir le haoinne an fhírinne ar fad a cheilt orthu. Cloisfidh siad faoi 1641. Ach cloisfidh siad, freisin, faoi 1798. Cloisfidh siad, cinnte, faoi Ghaeilge agus an pháirt a bhí ag a muintir uair i bhforbairt na teanga sin.

### CEISTEANNA

Ó am go chéile cuirtear ceisteanna ormsa faoi na leabhra nár mhiste dá leithéidí a léamh le teacht ar a n-oidhreacht. Is minic na ceisteanna ar an dóigh sin orm i mBaile Átha Cliath. An té atá luaite agam ag tús na haiste seo, chuir sé fhéin an cheist chéanna orm.

Ar ndóigh, tá go leor leabhra ann; ach thosóinn le *Hidden Ulster* le Pádraig Ó Snodaigh, atá luaite agam cheana sa tsraith seo. Mholfainn leabhar eile (nár leabhar é dáiríre ach bailiúchán aistí agus léachtanna), mar atá *Ancient Irish History and Mythology* le O'Rahilly. Mholfainn ar aon anáil le sin *Celtic Ireland* le Mac Néill, ós Ultach a bhí sa bhfear céanna, agus ós rud é go bhfuil an-chur síos aige ar chúrsaí Uladh.

Creidimse féin, ar aon chaoi, gur ar bhonn an chultúir a thiocfas aontacht na hÉireann agus síocháin san oileán seo. Tá nod againn ina threo sin sa cheol tíre. Mar a mheabhraigh Labhrás Ó Murchú dúinn níor tháinig aon mioscais ná easaontas idir na ceoltóirí ar fleadh ná ag féile agus is é ceolta tíre an cineál ceoil is fearr ag formhór na ndaoine, ní hamháin sna sé chontae fichead ach sna sé chontae chomh maith, mar atá cruthaithe arís agus arís eile ag na suirbhéanna.

Cuirfidh mé fáilte ar leith roimh nuaíocht faoi na cumainn staire agus, ar ndóigh, faoi thuairimí na léitheoirí i gcoitinne.


**Cumann Rodaí Mhic Chorlaí**

Oíche Folk
Déardaoin

Oíche Cheoil
*(fáilte roimh Ghaeil)*
Dé hAoine

Oíche Luain
Dara Rang Gaeilge

Oíche Mháirt
Bunrang

Oíche Chéadaoin
Bunrang agus Ard-Rang



# Crosfhocal 7

*Seoltar freagraí chuig An tEagarthóir, Nuacht Feirste, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11.*

**£5 don bhuaiteoir.**

Trasna:
1. Tabhrann sé na litreacha amach (4,2,6)
7. Ag scairtí ós ard (7)
8. Sparán, mála (3)
9. Bolgtha (3)
10. Cinnte (6)
13. Ag éirí, slán arís, dul i bhfeabhas (7)
15. Ag spréidheadh amach (7)
16. Níos mó ná 'ramhar' (6)
18. Focal eile ar 'leis' (3)
19. Dath an tsionnaigh (3)
20. An t-áran naofa (7)
21. Ag canadh (12)

Síos:
1. Sean-nós. Cú Chulainn, mar shampla (8)
2. Ag ath-romhairí na móna (9)
3. Cuir uisce ón chorp de bhrí teas (9)
4. Ag glacadh céile? (6)
5. Rí na n-éan? (5)
6. Bó fhirinsceach (5)
11. Adhlacóir (9)
12. Daite mar smólach (9)
14. Déanfasach, srónach (8)
15. Bailiúchán, airgead mar shampla (6)
16. Mar oighear, déanta i gcúisneoir (5)
17. Ag dul in olcas (5)



**Freagraí Crosfhocal 6**

**Trasna: 1. Bodhran, 7. Roicid, 8. Tobann, 9. Colainn, 10. Altanna, 12. Bádóireacht, 18. Unfairt, 21. Leamhan, 22. Claínn, 23. Toghan, 24. Reabtha.**

**Síos: 1. Bothán, 2. Dabht, 3. Rónan, 4. Bollóga, 5. Scríobh, 6. Adhnua, 9. Cairium, 11. Aud, 13. Ardaigh, 14. Oighear, 15. Cha, 16. Pollta, 19. Stanna, 20. Imirt.**

**Seoltar litreacha srl chuig *Nuacht Feirste*, 147 Bóthar Bhaile Andarsan**